# Nuacht Litir

Scoil Cholmcille Ros a' Mhíl

# Cáisc 2025

## Drámaíocht



Bhí ranganna drámaíocht againn le hEoin Ó Loideáin ag na gasúir i rith an téarma seo. Buíochas le Fóram Chois Fharraige len maoinú agus cúnamh len Scéim Drámaíochta.

## Bliots Liathróid Láimhe 13/2/25



Chuaigh Rang 3,4,5 agus 6 chuig Cill Chiaráin chun páirt a ghlacadh i mbliots Liathróid Láimhe a bhí eagraithe ag Clár na gCluichí Gaelacha. Bhí go leor scoileanna eile ann. Comhghairdeas le hAilbhe (Rang 6) a bhain áit amach i gcluiche leathcheannais na gcailíní. Comhghairdeas mór le Ian (Rang a 3) a bhuaigh comórtas na mbuachaillí in aghaidh buachaillí ó chuile aoisghrúpa!! Maith sibh uilig a ghasúir bhí sibh thar cinn!!



## Seó Clann Lir 5/3/25



Mar chuid de Seachtain na Gaeilge chuir an comhlacht BRANAR an seó Clann Lir ar stáitse. Chuaigh Rang a 1 go Rang a 6 suas chuig an ionad pobail Ros a' Mhíl chun é a fheiceáil. Bhain siad an-sult as an seó.

## Lá Domhanda na Leabhar 6/3/25




Bhí Lá Domhanda na Leabhar againn arís i mbliana. Tháinig na gasúir isteach gléasta mar charachtéir ó leabhair difriúla. Bhí seó faisin againn agus fuair chuile dhuine dearbhán chun leabhar a cheannacht. Taitníonn an lá seo go mór le na gasúir!

## Seó SCC Popstars 13/3/25



Chuaigh Rang 4, 5 agus 6 chuig SCC ar an gCeathrú Rua chun breathnú ar an seó 'Popstars'. Bhí sé iontach iarscolairí na scoile a fheiceáil thuas ar an stáitse!!

## Lá Fhéile Pádraig 17/3/25



Ghlach muid páirt sa bparáid ar an gCeathrú Rua arís i mbliana. Bhí muid gléasta mar rollchóistóir agus carranna bumpar. Tháinig muid sa gcéad áit i gcomórtas na scoileanna bunscoile agus fuair muid an cupán. Míle buíochas le chuile dhuine a thug cúnamh dúinn.



## Cóineartú 25/3/25



Bhí lá fíor speisialta ag Rang 5 is Rang a 6 agus iad ag ceiliúradh a gCóineartú.




## Clár Explorers 28/3/25



Mar chuid den obair déanta leis an Atlantaquarium agus an Clár Exploreres, chuaigh ranganna na Naíonáin, 1, 2 agus 3 istigh i mBóthar na trá. Bhí siad ag foghlaim faoin gcladach agus saol na n-éisc. Bhí lón acu i Supermacs ar an mbealach abhaile!

## RSA 31/3/25



Tháinig bean isteach ón tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ag caint le na gasúir faoi a bheith sábháilte agus iad ag siúl agus ag úsáid na bóithre. D'fhoghlaim siad an oiread uaithi.

## Céad Fhaoistin 3/4/25




Bhí Céad Fhaoistín ag Rang a 2 leis an t-Athair Daniel sa scoil agus iad ag fáil réidh le haghaidh a gCéad Chomaoineach. Fuair siad uilig rud éicint deas ón siopa mar bhí siad chomh maith!

## Stáisiúin na Cásca 10/4/25



Bhí an Naoínra linn arís le haghaidh stáisiúin na Cásca a dhéanamh. Bhí muid ag imirt cluichí, ag cócaireacht agus ag déanamh ealaíne. Bhí an-sult as a bheith a spraoi le cheile!




## Athoscailt na Scoile 28/4/25